# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Ceimic

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

## Réamhrá

**Agus an scéim mharcála á meas, is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh.**

**1.** In go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil an t-eolas agus na smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.

**2.** Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.

**3.** Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar agus d'fhéadfadh sin, mar sin, athrú ó bhliain go bliain maidir le cás ar bith.

**4.** Is léiriú an cló trom ar na pointí atá riachtanach i bhfreagra an iarrthóra. Deighleann soladas dúbailte (//) pointí a fhaigheann marcanna ar leith i gcuid den cheist. Is roghanna malartacha iad na focail, nathanna nó ráitis deighilte ag soladas (/) atá chomh hinghlactha céanna i gcás pointe ar leith. Is malairt focal nó nath faoi chló trom arna lua idir lúibíní a bhfuil an glacadh céanna leis agus atá leis an bhfocal nó an nath a théann roimhe. Tabhair ar aird, ar a shon sin, nach mór focail, leaganacha cainte nó frásaí a úsáid i gceart agus i gcomhthéacs, agus ní féidir iad a bhréagnú, agus sa chás go bhfuil úsáid mhícheart á baint as téarmaíocht nó go bhfuiltear á bréagnú, níl cead na marcanna a bhronnadh. D'fhéadfaí cealú a dhéanamh nuair a thugann iarrthóir liosta de fhreagraí cearta agus míchearta.

**5.** Tá an glacadh céanna, go ginearálta, le hainm nó le foirmle maidir le dúil nó le comhdhúil ach amháin sa chás go n-iarrtar go sonrach an t-ainm nó an fhoirmle sa cheist a chuirtear Ina ainneoin sin, i roinnt cásanna inarb é an t-ainm a iarrtar, is féidir glacadh leis an bhfoirmle mar mhalairt air sin.

**6.** Caillfear marc amháin i leith gach botúin uimhríochta i ríomh an iarrthóra. Baineann an laghdú sin le luachanna míchearta $M_r$ sa chás go dtaispeánann an t-iarrthóir suimiú na maiseanna adamhacha cearta go léir agus gur léir gur earráid suimithe í an earráid. Mura dtaispeántar suimiú na maiseanna adamhacha, caillfidh an t-iarrthóir na marcanna as $M_r$ mícheart.

**7.** Tabharfar marcanna bónais ag ráta 10% de na marcanna a ghnóthaítear d'iarrthóir a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos lú ná 75% de na marcanna iomlána. Agus an bónas sin á ríomh slánaítear síos, ní suas, deachúlacha i gcónaí, m.sh. athraíonn 4.5 go 4; athraíonn 4.9 go 4, srl. Baineann an tábla bónais a thugtar ar an gcéad leathanach eile le hiarrthóirí a fhreagraíonn na ceisteanna go léir trí Ghaeilge agus a ghnóthaíonn níos mó ná 75% de na marcanna iomlána.

**Ní mór do na hiarrthóirí OCHT gceist ar bith a fhreagairt.**

**Tá gach ceist ar cómharc (50).**

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.
Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil Ceimice 2023**

Ar son freagra iomlán ceart féadfaidh scrúdaitheoirí marc iomlán amháin a bhronnadh, e.g. sé mharc nó líon páirtmharcanna, e.g. 2 mharc, 3 mharc, 1 mharc a chuireann leis an iomlán céanna.

Le haghaidh freagraí nach bhfuil go hiomlán ceart ba chóir do na scrúdaitheoirí na marcanna cuí a chur in aice leis an gcuid cheart den fhreagra agus/nó 0 marc a úsáid chun an chuid den cheist tá mícheart nó neamhleor a léiriú.

Ba chóir do na scrúdaitheoirí freagraí atá mícheart go hiomlán nó freagraí gan aon fhiúntas a anótáil le 0 marc.

D'fhéadfadh le dathanna na notaí mínithe bheith éagsúil óna chéile.

| **Nóta mínithe** | **Ciall** |
|---|---|
| ✔ n | Bronntar n marc |
| [-1] | Earráid sciorrtha matamaitice nó pionós eile de réir na scéime |
| [0] | Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó easnamhach |
| [R] | Ord droim ar ais |
| [ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra |
| (zigzag) | Leathanach bán nó cuid de leathanach |
| [C] | Cealú / bréagnú |
| [~~~] | Cuid de fhreagra suntasach |
| ◯ | Lucht mícheart, foscript, srl. |
| λ | Eochairfhocal, frása fágtha ar lár |
| ✔ | Ceart – e.g. úsáidtear é nuair a rinneadh iarracht ar mhír níos mó ná uair amháin |
| ✘ | Mícheart |

**CEIST 1**

(*a*) SAINAITHIN: (*i*) **$H_2O$ / uisce**

SAINAITHIN: (*ii*) dé**chairbíd chailciam / $CaC_2$ / cairbíd chailciam (II)** (8 + 3)

[Ceadaigh cairbíd]

[Ceadaigh aon ord sna freagraí.]

(*b*) (*i*) MÍNIGH: **dothuaslagtha** in uisce **/ ní leánn sé** in uisce

(*ii*) CÉN FÁTH: **eisíon / tá aer (ocsaigin, nítrigin) ann / níl** aon (go leor) **eitín ann**

(7 + 2)

(*c*) (*i*) TARRAING:

**H–C≡C–H**

(*ii*) MÍNIGH: is **iomaí nasc** carbóin-carbóin atá ann (**triarach** nó **dúbailte**) **/ is féidir hidrigin a chur leis**

(*iii*) CÉN: dath **donn (dearg, oráiste, buí) //**
**imíonn sé (dídhathaíonn sé)** (6 + 6 + 3 + 3)

(*d*) (*i*) DÉAN CUR SÍOS: **cuir fáideog** (**lasán** adhmaid) **sa** triaileadán de **(ghás) eitín / las air**

(*ii*) DÉAN CUR SÍOS: lasair **gheal (bhuí, ghléineach, shúiche, dheatúil) / smoirt (súiche, deatach** dubh**)**

(*iii*) TABHAIR: **lasair ocsaicéitiléine / gearradh miotail** ocsaicéitiléine **/**
**táthú** ocsaicéitiléine (lasair) / **lampa** cairbíde
[Ceadaigh bananaí atá ag aibiú nó torthaí.]

(7 + 3 + 2)

**CEIST 2**

(*a*) MÍNIGH: **tiúchan aitheanta** (5)

(*b*) (*i*) SAINAITHIN: A: **buidéal** níocháin **//**
B **pípéad** (2 × 3)
[Glac le hord na bhfreagraí mura bhfuil freagraí lipéadaithe go soiléir.]

(*ii*) TABHAIR: **sruthlaigh pípéad (B) / sruthlaigh buiréad / sruthlaigh fleascán cónúil /**
**nigh taobhanna an fhleasca chónúil i rith toirtmheasctha /**
**ionas gur** féidir **le gach substaint curtha leis imoibriú a dhéanamh** (6)

(*iii*) DÉAN CUR SÍOS: **rinseáil le huisce dí-ianaithe (driogtha, íon) //**
rinseáil le **tuaslagán de charbónáit sóidiam ($Na_2CO_3$) /**
rinseáil le **tuaslagán a coimeádfaidh an pípéid** (2 × 2)
[Ceadaigh (2) as freagraí cearta in ord aisiompaithe.]
[Ceadaigh (2) as rinseáil le carbónáit sóidiam ($Na_2CO_3$) amháin.]

(*iv*) CÉN FÁTH: **deacair na hábhair a shuaitheadh / níos éasca na hábhair a dhoirteadh /**
**ábhair caillte mar thoradh ar stealladh / éalú spreachaill (braoiníní)** ón mbuiréad **/**
**taobhanna claonta níos fearr / ní choinníonn na taobhanna díreacha ábhair istigh**
(5)

(*c*) (*i*) AINMNIGH: **oráiste meitile / dearg meitile** (3)

(*ii*) LUAIGH: **buí (oráiste) //**
**go bándearg (dearg, dath na péitseoige)** (2 × 3)

[*Muna bhfuil freagairt ar bith ann le haghaidh (i) is féidir marcanna a thabhairt ar dhathanna cearta in (ii).*] [*Féadfar 6 Mharc a thabhairt as dathanna cearta táscaire ainmnithe atá mí-oiriúnach, m.sh. litmeas, gorm go dearg.*] [*Ceadaigh (3) as dathanna cearta san ord mícheart (agus as táscaire ainmnithe a mheaitseáil.)*]
*[Níl ach (9) marc ar fáil le haghaidh táscaire ceart atá nasctha le dathanna cearta san ord ceart.]*

(*d*) (*i*) CÉN AIDHM: **chun an gar-thítear a aimsiú (toirt de dhíth ar neodrú, toradh) /**
**chun a bheith in ann títear cruinn (toirt de dhíth do neodrú, toradh) a aimsiú**
**níos éasca (go tapa)** (3)

(*ii*) RÍOMH: **22.45** $cm^3$ (3)

| |
|---|
| (22.5 + 22.4) ÷ 2 = **22.45** $cm^3$ (3) |

(*iii*) RÍOMH: **0.1**11 mol $l^{-1}$ HCl (9)

| |
|---|
| $\frac{\mathbf{22.45 \times M}}{\mathbf{2}}$ **=** (3) |
| $\frac{\mathbf{25.0 \times 0.05}}{\mathbf{1}}$ (3) |
| Is féidir 3 mharc a bhronnadh ar an bhfoirmle sa chás nach mbronntar **marcanna ar bith eile** thuas. |
| *M* = 0.**1**11 mol $l^{-1}$ HCl (3) |

nó

| |
|---|
| $\frac{25.0 \times 0.05}{1000}$ = **1.25 × $10^{-3}$** mól $Na_2CO_3$ (3) |
| 1.25 × $10^{-3}$ × 2 = **2.50 × $10^{-3}$** mól HCl (3) |
| *M* = $\frac{2.50 \times 10^{-3} \times 1000}{22.45}$ **=** 0.**1**11 mol $l^{-1}$ HCl (3) |

**CEIST 3**

(*a*) (*i*) DÉAN CUR SÍOS: **léaráid scagacháin le ar a laghad lipéad amháin //**
**toirt** uisce **aitheanta (luaite) /** aimsigh **mais** an pháipéir scagtha thriomaithe **/**
**meáigh** scagpháipéar triomaithe (8 + 3)




(*ii*) DÉAN CUR SÍOS: **galaigh** go tirimeacht **//**
**toirt aitheanta (luaite) //**
**uisce scagtha //**
**in eascra (mias ghalaithe, srl) //**
aimsigh **mais** an iarmhair **/ meáigh** iarmhar **//**
**ríomh** an tiúchan (6 + 3)

SLOINN: (*iii*) 0.**08** g $l^{-1}$ (3)

| |
|---|
| 0.**04 × 2** = 0.**08** g $l^{-1}$ (3) |

SLOINN: (*iv*) **80** mg $l^{-1}$ (p.p.m.) (3)

| |
|---|
| 0.**08 × 1000**<br>= **80** mg $l^{-1}$ (p.p.m.) (3) |

(*b*) (*i*) SAINAITHIN: **clóiríd ($Cl^-$) //**
**níotráit ($NO_3^-$)**

(*ii*) AINMNIGH: **níotráit airgid**

(*iii*) CÉN: **bán //**
**deascán (soladach)**
[Ceadaigh (3) do leánn sé in amóinia muna bronnadh aon mharc eile.]

(*iv*) CÉN: **donn**


(*v*) CÉN: **buí** (6 + [6 × 3])
[glac **oráiste**]

**CEIST 4**


**Tá ocht mír le freagairt. Tugtar sé mharc as gach mír agus cuirtear marc amháin breise le gach ceann den chéad dá mhír a bhfaightear na marcanna is airde ina leith.**

(*a*) CÉN : **iseatóip** (6)

(*b*) TARRAING: (6)



nó



(*c*) SCRÍOBH: **prótóin // dhá** (2 × 3)

(*d*) LUAIGH: **táirge** an bhrú agus toirt **tairiseach (*pV* = tairiseach, $p_1V_1 = p_2V_2$) /**
brú **i gcomhréir inbhéartach** le toirt **($V \propto 1/p$) /**
toirt **i gcomhréir inbhéartach** le brú **($V \propto 1/p$) /** (6)
[Glac i gcomhréir inbhéartach]

(*e*) SAINMHÍNIGH: **aomadh coibhneasta (tomhas aomtha choibhneasta) / uimhir a léiríonn (a thugann) an t-aomadh //**
**do leictreoin chomhroinnte / do dhís chomhroinnte / do leictreoin i nasc** comhfhiúsach
(2 × 3)

(*f*) AIMSIGH: 0.**4**08 g (6)

| | |
|---|---|
| $M_r$ = (10 × 12) + 16 = **136** | (3) |
| 0.003 × 136 = 0.**4**08 g | (3) |

(*g*) CÉN: **teas / fuinneamh (**cileagram **calrach) //**
**de dhóchán / (luach) ábha(i)r b(h)reosla (bia)** (2 × 3)

(*h*) MÍNIGH: **scaoileadh teas (fuinneamh) / diúltach $\Delta H$** (6)

(*i*) AINMNIGH: **sludach / bithsholaid (sciodar, aoileach)** (6)

(*j*) AIMSIGH: **60**% (6)

| | |
|---|---|
| $M_r$ = 48 + (2 × 16) = **80** | (3) |
| % Ti = $\frac{48}{80} \times 100$ = **60**% | (3) |

(*k*) (*i*) AINMNIGH: **comhdhlúthadán** (aife) Liebig
(*ii*) CÉN: **comhdhlúthú** (4 + 2)

(*l*) **A** CÉN FÁTH: **nimh / tocsaineach / gás ceaptha teasa (téamh domhanda)** (6)
*nó*
**B** CÉN FÁTH: **chun é a dhéanamh seoltach / chun ligean d'iain le bogadh / ní féidir le solad seoladh / níl iain saor chun bogadh i solad** (6)

**CEIST 5**

(*a*) (*i*) SAINMHÍNIGH: **ní féidir leis a bheith briste síos i substaint(í) níos simplí** go ceimiceach **/**
**déanta suas d'adaimh leis an uimhir céanna de phrótóin (uimhir adamhach)**

(*ii*) CONAS: dúile liostaithe in ord **meáchan adamhach (mais** adamhach**) /**
**saintréithe ag athrú ó am go chéile / i gcolúin (grúpaí) de shaintréithe atá cosúil lena chéile**

(*iii*) TABHAIR: **dúile eagraithe** in ord **meáchan adamhach sa bhuntábla /**
**dúile eagraithe** in ord **meáchan adamhach sa tábla nua-aimseartha /**
**bearnaí** i gcomhair dúile nár thángthas orthu fós **sa bhuntábla /**
**gan triathgháis sa bhuntábla /**
**níos mó dúile sa tábla nua-aimseartha /**
**dúile trasdulta i mbloc scartha sa tábla nua-aimseartha** (9 + 6 + 3)
[Ceadaigh ráitis chontrártha leis na cinn liostaithe thuas.]

(*b*) (*i*) SAINMHÍNIGH: **méid** na **bprótón** in adamh **/**
**méid** na **leictreon** in adamh neodrach (6)

(*ii*) CÉN : **3** (3)

(*iii*) CÉ MHÉAD: **4** (3)

SCRÍOBH: (*iv*) Li: **2, 1 / $1s^2$ $2s^1$** (3)

SCRÍOBH: (*v*) Ne: **2, 8 / $1s^2$ $2s^2$ $2p^6$ / $1s^2 2s^2$ $2p_x^2$ $2p_y^2$ $2p_z^{2<\wedge,b\}}$** (3)

(*vi*) CÉ ACU: tá **litiam** níos imoibríoch (3)

MÍNIGH: **déanann cailliúint leictreoin litiam níos cobhsaí /**
**is féidir le litiam riail an ochtréid a chomhlíonadh trí leictreon a chailleadh /**
**tá neon cobhsaí /**
**comhlíonann neon riail an ochtréid** (3)

(*c*) (*i*) TABHAIR: **sceall sa bhreis (ceann amháin níos mó, sa bhreis, trí cinn) i sóidiam / leictreon seachtarach sóidiam sa tríú sceall** agus **leictreon seachtarach litiam sa dara sceall /**
**tá níos lú sceall ag litiam (**níl ach **dhá** aige) **/**
**níos mó sciathadh (cosaint)** den núicléas ag leictreoin sna scealla inmheánacha **i sóidiam /**
**níos lú sciathadh (cosaint)** den núicléas ag leictreoin sna scealla inmheánacha **i litiam**

(*ii*) MÍNIGH: **lucht núicléach** éifeachtach **(an líon prótón) ag méadú** (6 + 2)

**CEIST 6**

(*a*) (*i*) SAINAITHIN: **talmhaíocht (eallaigh, caoirigh, muca, sciodar) / mianadóireacht guail / líonadh talún / lobhadh ábhair orgánaigh (bithdhíleáiteoirí) / srl.**

(*ii*) SCRÍOBH: **$CH_4$**

(*iii*) MÍNIGH: tá **hidrigin (H) //**
agus **carbón (C)** ann amháin (6 + 4 + 2 + 2)

(*b*) (*i*) TABHAIR: **breosla / cócaireacht / téamh / ag giniúint leictreachais / foinse hidrigine / srl.**

(*ii*) CÉ ACU: **alcáin**

(*iii*) DÉAN CUR SÍOS: **teitrihéidreach**

(*iv*) CÉN FÁTH: **sábháilteacht /** i gcás **sceite / chun** an gás **a bhrath / chun boladh a fháil** ar an ngás **/** toisc **go bhfuil** an gás **neamhbholaitheach** (8 + 6 + 2 + 2)

(*v*) CÉN: **própán //**
**bútán** (2 × 3)

(*c*) (*i*) AINMNIGH: **meitilbeinséin /feinilmeatán / tolúéin**

(*ii*) LUAIGH: **níl sé aramatach / alafatach //**
CÚIS: **níl fáinne beinséine aige /**
**ní** comhdhúil phlánach **chioglach** é le pí-leictreoin dhílogánaithe (8 + 2 + 2)

**CEIST 7**

(*a*) SAINMHÍNIGH: (*i*) tugann **sé iain hidrigine (hiodróiniam) ($H^+$, $H_3O^+$) i dtuaslagán uiscí (uisce) /**
**deontóir prótóin (ian hidrigine, $H^+$) /**
**glacóir leictreondíse**

SAINMHÍNIGH: (*ii*) tugann **sé iain hiodrocsaíde (hiodrocsail) ($OH^-$) i dtuaslagán uiscí (uisce) /**
**glacóir protóin (ian hidrigine, $H^+$) /**
**deontóir leictreondíse** (5 + 3)

(*b*) (*i*) CÓIPEÁIL & CRÍOCHNAIGH: **uisce** (3)

(*ii*) IONADAIGH & COTHROMAIGH: $\mathbf{HCl + KOH \rightarrow KCl + H_2O}$

dhá fhoirmle mhóilíneacha chearta: (2 + 2)
cothromóid cothromtha ina iomláine: (2)

(*c*) (*i*) TABHAIR: **hiodrocsaíd sóidiam (NaOH) / amóinia ($NH_3$, $NH_4OH$) /**
**hiodrocsaíd mhaignéisiam ($Mg(OH)_2$) / hiodrocsaíd chailciam ($Ca(OH)_2$) /**
**carbónáit sóidiam ($Na_2CO_3$) / hidrigincharbónáit sóidiam ($NaHCO_3$) / srl.** (6)

(*ii*) CÉN : *aon bhun:* **ag glanadh draenacha / ag leá gréisce / ag glanadh oigheann /**
**ag glanadh urlár (dromchlaí) /**
*hiodrocsaíd mhaignéisiam, hiodrocsaíd chailciam, carbónáit sóidiam,*
*hidrigincharbónáit sóidiam:* **earraí níocháin / taos fiacla /** réitigh **mhí-dhíleá /**
*carbónáit sóidiam, hidrigincharbónáit sóidiam:* sóid aráin (púdar **bácála**) **/**
**oibreán ardaithe /**
*hiodrocsaíd chailciam:* **cré aigéadach neodrúcháin /**
**etc.** CEANN AR BITH: (3)

(*d*) (*i*) SAINMHÍNIGH: pH = **–log / log diúltach //**
**[$H^+$] / [$H_3O^+$] / tiúchan an iain hidrigine** (2 × 3)
[Glac le lúibíní neamhcearnógacha.]

(*ii*) RÍOMH: **2.4** (6)

| | |
|---|---|
| **log** 0.**004 / –log** 0.**004** | (3) |
| pH = – log 0.004 = **2.4** | (3) |

[Gan slánú ar bith ann nó slánú mícheart = earráid sciorrtha.]
[Ní hionann freagra diúltach agus earráid sciorrtha.]

(*iii*) CONAS: páipéar nó tuaslagán **táscaire uilíoch / méadar pH**
[Asbhain 2 mharc má úsáidtear táscaire (ainmnithe) in ionad
táscaire uilíoch / méadar pH]


(*iv*) CÉN: **7** (9 + 3)

**CEIST 8**

(*a*) (*i*) TABHAIR: X: **eatánól (alcól eitile) //**
Y: **eatánal (aildéad eitile) //**
Z: **aigéad eatánóch** (5 + 2 + 2)
[Glac le hord na bhfreagraí mura bhfuil freagraí lipéadaithe go soiléir.]

(*ii*) TABHAIR: **blaistiú / leasú / rialaitheoir aigéadachta / picilt** (3)
[Ceadaigh **fínéagar**]

(*b*) (*i*) TARRAING:




[Níl nasc O–H riachtanach]

CIORCAL: **OH ciorclaithe**

(*ii*) MÍNIGH: OH **polach / nascadh hidrigine (H)** idir uisce agus eatánól **/**
**fórsaí idirmhóilíneacha** láidre idir uisce agus eatánól **/**
**aomadh** láidir **idir** móilíní **uisce agus eatánóil** (8 + 2 + 2)

(*c*) (*i*) SAINAITHIN: **alúmana (ocsaíd alúmanaim, $Al_2O_3$)**

(*ii*) SAINAITHIN: **$KMnO_4$** aigéadaithe (**$MnO_4^-$, manganáit** photaisiam**(VII), sármhanganáit** photaisiam **/**
**$Na_2CrO_4$** aigéadaithe (**$K_2CrO_4$, $CrO_4^{2-}$, crómáit) /**
**$Na_2Cr_2O_7$** aigéadaithe (**$K_2$ $Cr_2O_7$, $Cr_2O_7^{2-}$, déchrómáit)**

(*iii*) DÉAN CUR SÍOS: tuaslagán **gorm go //**
donn**rua / deascán** (6 + [3 × 3])

(*d*) (*i*) DÉAN: **suimiúchán**

(*ii*) SAINAITHIN: **X (eatánól, $C_2H_5OH$) //**
**eitéin ($C_2H_4$) /** ceadaigh **eatánól (Y, $CH_3CHO$)** (7 + 2 + 2)


**CEIST 9**

(*a*) CÉN AIDHM: **athrú ar thiúchan** d'imoibreán nó de tháirge **//**
**in aghaidh an aonaid ama** (4 + 2)
[Glac imoibriú **luais** le haghaidh (3) mharc.]

(*b*) (*i*) BREAC: **ais lipéadaithe g i gceart (mais, *m*)** (3)
**ais lipéadaithe mar is ceart le nóiméad (nóim, am, *t*)** (3)
**aiseanna scálaithe mar is ceart** (3)
**7 bpointe seachas (0, 0) breactha i gceart ar ghrafpháipéar** (3)
**cuar tarraingthe trí phointí agus tríd an mbunús (an-ghar dóibh)** (3)
[Ní ghlacfar le pointí nasctha ag línte díreacha.]
[Glactar le haiseanna aisiompaithe.]

(*ii*) AN: **laghdaíonn sé** (3)

TABHAIR: **úsáidtear carbónáit chailciam (HCl, imoibrithe) /**
**laghdaíonn tiúchan HCl / ráta i gcomhréir le tiúchan /**
**laghdaíonn fána** an tadhlaí go **graf** (3)




(*c*) AIMSIGH: (*i*) **5.5 – 6**.0 nóiméad

AIMSIGH: (*ii*) **1.1** – **1.3** nóiméad

AIMSIGH: (*iii*) 0**.41 –** 0**.49** g $CO_2$ (6 + 6 + 3)

(*d*) CONAS: ráta **níos tapa (níos mó)**
COSAINT: **níos mó achair dhromchla / níos mó cáithníní** $CaCO_3$ nochta do thuaslagán HCl /
**níos mó imbhuailtí** idir imoibreáin in aghaidh an tsoicind / **srl.** (6 + 2)

**CEIST 10**

(*a*) (*i*) CONAS: **cailleann sé //**
**leictreon** amháin (2 × 3)

(*ii*) CONAS: **faigheann sé //**
**leictreon** amháin (2 × 3)

(*iii*) CÉ MHÉAD: **6** (3)

(*iv*) CÉN AIDHM: **aomadh (fórsa) leictreastatach / aomann** iain atá **luchtaithe go hurchomhaireach /**
**naisc ianacha** (3)

(*v*) TABHAIR: **leáphointe ard (m.p.) / fiuchphointe ard (b.p) / uiscethuaslagtha /**
**crua / sobhriste /** is féidir **leictreachas a sheoladh** nuair atá sé leáite (tuaslagtha)
DHÁ CHEANN AR BITH: (4 + 3)

(*b*) SAINMHÍNIGH: (*i*) **cailleadh** leictreon
(*ii*) **fáil** leictreon
[Glac le hord na ceiste ach amháin sa chás ina lipéadaíodh é go soiléir.]

(*iii*) CÉ MHÉAD: **2**

(*iv*) CÉ ACU: **Mg (maignéisiam)**

(*v*) LUAIGH: **imíonn (tréigeann)** dath **gorm** an tuaslagáin **/**
**leánn maignéisiam (Mg) (**dealraíonn sé go bhfuil sé **ag imeacht) /**
**cruthaítear** cáithníní **miotail (copar, soladach) donna (dearga, dubha)**

(*vi*) AN mBEIFEÁ: **ní bheinn**

MÍNIGH: **tá maignéisiam (Mg) níos faide suas an tsraith leictriceimiceach (níos éasca a ocsaídiú, níos** im**oibríoch)** ná copar (Cu) **/**
**tá copar (Cu) níos ísle síos an tsraith leictriceimiceach (ní ocsaídíonn sé chomh héasca, níos lú** im**oibríochta)** ná maignéisiam (Mg) **/**
**ní féidir le copar (Cu) maignéisiam (Mg) a dhíláithriú (a ionadú) óna shalainn /**
**ní féidir le hiain mhaignéisiam ($Mg^{2+}$) a bheith ionadaithe (díláithrithe) ag iain chopair ($Cu^{2+}$) / níl sé inchúlaithe**

(6 + 4 + [5 × 3])

(*c*) (*i*) CÉN: **athraíonn sé ráta imoibrithe (éiríonn sé níos tapa, moillíonn sé é) // gan a bheith ídithe / ní athraíonn sé go ceimiceach** (4 + 3)

(*ii*) AIMSIGH: $\mathbf{3.6 \times 10^{23}}$ adamh Mg (3)

1 mhól = $6 \times 10^{23}$ adamh

$0.6 \times 6 \times 10^{23}$ = $\mathbf{3.6 \times 10^{23}}$ adamh Mg (3)

(*iii*) CÉ MHÉAD: 0.**2** mól de ghás nítrigine (3)

Mg : $N_2$ = 3 : 1

⇒ 0.6 ÷ 3 = 0.**2** mól $N_2$ (3)

(*iv*) RÍOMH: **4.48** lítear $N_2$ (3)

0.2 × 22.4 = **4.48** litres $N_2$ (3)

(*v*) CÉN AIDHM: $M_r$ $Mg_3N_2$ = **100** (3)

(3 × 24 + 2 × 14) = **100** (3)

(*vi*) AIMSIGH: **20** g $Mg_3N_2$ (6)

0.**2** mól $Mg_3N_2$ (3)

100 × 0.2 = **20** g $Mg_3N_2$ (3)

**CEIST 11**

(*a*) (*i*) CÉN: **téachtadh (brúite isteach le chéile, greamaithe le chéile) //**
**cáithníní beaga (éadroma, ar fuaidreamh) / ag tabhairt cáithníní níos mó (níos troime, níos dlúithe) / ag tabhairt cáithníní a théann go tóin poill (síothlú) / ag tabhairt flocas** (2 × 3)

(*ii*) CÉN: **gaineamh (gairbhéal)** (3)

(*iii*) CÉN FÁTH: **chun pataiginí a bhaint (a mharú) (miocrorgánaigh, baictéir, frídíní) /**
**chun galar uisceiompartha a chosc (tinneas) /**
**chun athéilliú** an uisce **a sheachaint tar éis íonúcháin** (3)

CONAS: **clóiríniúchán / ag cur ózóin leis / le solas uv** (3)

(*iv*) CÉN FÁTH: **chun lobhadh fiacla a chosc / maith do na fiacla / neartaíonn sé cruan** (3)

(*v*) CÉN: **creimeadh píopaí / damáiste d'fhiacla (cnámha) / tinneas** (3)

(*vi*) CÉN: **crua (ní bog) / ó gceantar aolchloiche / ní dhéanann sé sobal** go maith le gallúnaach **alcaileach (bunata)** (4)

(*b*) (*i*) MÍNIGH:` *imoibriú inchúlaithe:*
**athraíonn táirgí ar ais go himoibreáin /**
**imoibrithe** comhuaineacha **chun tosaigh agus ar chúl /**
**ní théann an t-imoibriú chuig críochnú (téann sé an dá bhealach)** (3)

*cothromaíocht cheimiceach:*
imoibrithe **chun tosaigh agus ar chúl //**
**tá rátaí cothroma acu**

nó

bíonn **tiúchan** imoibreán agus táirgí //
**tairiseach** (2 × 2)

(*ii*) SCRÍOBH: $K_c = \dfrac{[\mathbf{NH_3}]^2}{[\mathbf{N_2}][\mathbf{H_2}]^3}$ (6)

[uimhreoir ceart (3) agus ainmneoir ceart (3); aisiompaithe (3)]
[Glac le lúibíní cruinne.]

(*iii*) LUAIGH: **strus (athrú** coinníollacha**) curtha ar chóras** i gcothromaíocht **//**
tarlaíonn **imoibriú** chun an strus **a mhaolú dá bharr (a laghdú, a fhrithbheartú)** (2 × 3)

(*iv*) CÉN FÁTH: **sábháilteacht (**chun **dainséar** a sheachaint) / **costas** (3)

(*v*) CÉN FÁTH: **chun an imoibriú a dhéanamh níos tapa / ró-mhall ag teochtaí ísle /**
**níos éifeachtaí ó thaobh costais de / tá an catalaíoch níos éifeachtúla** (3)

(*c*) SCRÍOBH: A **ceirisín //**

B **Íseal //**

P **ard //**

D **gás scaglainne //**

E **beag //**

B **iarmhar //**

G **mór** (7 + 7 + 3 + [4 × 2])

(*d*)

**A**

(*i*) LUAIGH: gás **análaithe (riospráide)** d'othair (tumadóirí, comhraiceoirí dóiteáin, píolótaí, srl.) **/**
**déanamh cruach / dó** eitín **a thacú**, i roicéid srl. **/**
**táthú / truailliú sna haibhneacha a laghdú / srl.** (4)

(*ii*) LUAIGH: **pacáistiú** bia **/ sruthlú (sciúradh)** a dhéanamh ar thancanna de shubstaintí inlasta **/**
**reo (leasú)** bia (eiseamail bhitheolaíocha, speirm, seamhan) **/**
**cealla** craicinn **nach bhfuil ag teastáil a bhaint / cóir leighis a chur ar ailse** chraicinn
**(faithní, vearúcaí) / srl.** (3)

(*iii*) CONAS: **nasc triarach (láidir) / N≡N / fuinneamh ardnaisc / neamhpholach** (3)

(*iv*) CONAS: thart ar **cheithre chúigiú (78 – 80%)** (6)
[Ceadaigh (3) i gcomhair is fairsinge nó an-fhairsing.]

(*v*) MÍNIGH: **tiontú** nítrigine **atmaisféarach //**
**go comhdhúile is féidir le plandaí a úsáid (a thógáil isteach) /**
**go comhdhúile níos imoibríche / go níotráite / go $NO_2$** (2 × 3)

(*vi*) MÍNIGH: **tocsainí** curtha isteach san atmaisféar (aer) **(éilleáin, substaintí dochracha)**
nó
**substaintí** curtha isteach san atmaisféar (aer) **nach féidir a bheith bainte amach (briste síos) go héasca** (3)

*nó*

**B**

(*i*) LUAIGH: **miotal**ach **/ crua (láidir) / lonrach (niamhrach) / intuargainte / insínte /**
**catalaígh mhaithe / cruthaíonn siad comhdhúile daite / seoltóir maith de theas /**
**seoltóir maith de leictreachas / fiús inathraithe (staid ocsaídithe)**
DHÁ CHEANN AR BITH (2 × 3)

(*ii*) CÉN: **imoibriú** miotail **le haer (ocsaigin,uisce,ceimiceáin sa timpeallacht) /**
**foirmiú ocsaíd** mhiotail **/ damáiste déanta ag ceimiceáin** (6)
[Ceadaigh (3) do **mheirgeach**.]

(*iii*) MOL : **tá iarann (Fe) is faide suas sa tsraith leictriceimiceach (tá sé an ceann is éasca le hocsaídiú, tá sé níos** im**oibrích) / scealpann ocsaíd iarainn /**
**greamaíonn na hocsaíde de chopar agus luaidhe, ní ocsaídíonn an t-ór /**
**tá sraitheanna ocsaíde cosanta ag copar agus luaidhe, ní ocsaídíonn an t-ór** (3)

(*iv*) CONAS: **coimeádann sé aer (ocsaigin)** ón iarann **/ clúdaíonn sé an t-iarann le sinc /**
**creimeann sinc (Zn, sraith ghalbhánaithe) ar dtús (níos éasca ná iarann) /**
**tá zinc (Zn) níos faide suas an tsraith leictriceimiceach (níos éasca a ocsaídiú)** (6)
[Ceadaigh (3) d'aon tagairt do shinc / do shraith chosanta.]

(*v*) CÉN: **cóimhiotal iarainn / meascán d'iarann agus de charbón (dúile eile, miotail eile)**(4)